Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 8 Meán Fómhair 2023**
**(OR. en)**

**12772/23**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0319(NLE)**

**UK 168**
**RECH 389**
**ESPACE 48**
**BUDGET 25**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 527 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste Speisialaithe um Rannpháirtíocht i gCláir an Aontais |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 527 final.

---

Faoi iamh: COM(2023) 527 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 7.9.2023
COM(2023) 527 final

2023/0319 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste Speisialaithe um Rannpháirtíocht i gCláir an Aontais**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an gcinneadh lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste Speisialaithe um Rannpháirtíocht i gcláir an Aontais (an 'Coiste Speisialaithe') i ndáil leis an leasú atá beartaithe ar Iarscríbhinn 47 'Na Coinníollacha Airgeadais a Chur Chun Feidhme' ('Iarscríbhinn 47') a ghabhann leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach , de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile ('an Comhaontú') agus i ndáil le glacadh Dhréacht-Phrótacal I 'Cláir agus gníomhaíochtaí ina nglacann an Ríocht Aontaithe páirt' ('Prótacal I') agus Dhréacht-Phrótacal II 'maidir le rochtain na Ríochta Aontaithe ar sheirbhísí arna mbunú faoi chláir agus gníomhaíochtaí áirithe de chuid an Aontais nach nglacann an Ríocht Aontaithe páirt iontu' ('Prótacal II').

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. An Comhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile

Tháinig an Comhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann (an 'Ríocht Aontaithe'), den pháirt eile ('an Comhaontú') i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2021[1]. I gcuid V, ' RANNPHÁIRTÍOCHT I gCLÁIR AN AONTAIS, BAINISTÍOCHT FHÓNTA AIRGEADAIS AGUS FORÁLACHA AIRGEADAIS' leagtar amach na rialacha maidir le rannpháirtíocht na Ríochta Aontaithe i gcláir, gníomhaíochtaí agus seirbhísí an Aontais.

Bunaítear le hAirteagal 710(1) den Chomhaontú go mbeidh an Ríocht Aontaithe rannpháirteach i gcláir, gníomhaíochtaí de chuid an Aontais, nó i gcásanna eisceachtúla, sa chuid sin de chláir nó gníomhaíochtaí de chuid an Aontais atá oscailte dá rannpháirtíocht, agus a liostaítear i bPrótacal I, agus go rannchuideoidh sí leis na cláir sin nó leis na gníomhaíochtaí sin.

Le hAirteagal 731(1) den Chomhaontú, bunaítear gur i gcás nach mbeidh an Ríocht Aontaithe rannpháirteach i gclár nó gníomhaíocht de chuid an Aontais, mar sin féin féadfar rochtain a bheith aici ar sheirbhísí arna soláthar faoi chláir agus gníomhaíochtaí an Aontais faoi na téarmaí agus na coinníollacha a bhunaítear sa Chomhaontú, sna bunghníomhartha agus in aon riail eile a bhaineann le cur chun feidhme chláir agus ghníomhaíochtaí an Aontais. Thairis sin, bunaítear le hAirteagal 731(2) den Chomhaontú go mbunófar faoi Phrótacal II na seirbhísí ina mbeidh an Ríocht Aontaithe rannpháirteach agus na coinníollacha sonracha faoina mbeidh sí rannpháirteach iontu.

[1] Cinneadh (AE) 2021/689 ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, agus an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bhaineann le nósanna imeachta slándála le haghaidh malartú agus cosaint faisnéise rúnaicmithe (IO L 149, 30.4.2021, lgh. 2–9)

Mar sin féin, níorbh fhéidir na Prótacail a thabhairt i gcrích mar chuid den Chomhaontú ós rud é go raibh an rannpháirtíocht sna cláir agus sna gníomhaíochtaí faoi réir theacht i bhfeidhm na mbunghníomhartha nár glacadh go fóill. Dá réir sin, d'eisigh na Páirtithe Dearbhú Comhpháirteach maidir le Rannpháirtíocht i gCláir de chuid an Aontais agus Rochtain ar Sheirbhísí Clár ('an Dearbhú Comhpháirteach').

D'fhonn an Ríocht Aontaithe a chomhlachú le cláir áirithe de chuid an Aontais ó thús 2024, bunaítear le hAirteagal 1 de Phrótacal I go mbeidh an Ríocht Aontaithe rannpháirteach ón 1 Eanáir 2024 i gcláir agus i ngníomhaíochtaí an Aontais, nó i gcodanna díobh, arna mbunú leis na bunghníomhartha seo a leanas, agus go rannchuideoidh sí leis na cláir agus leis na gníomhaíochtaí sin:

- Rialachán (AE) 2021/696 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear clár spáis an Aontais agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 912/2010, (AE) Uimh. 1285/2013, (AE) Uimh. 377/2014 agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE, a mhéid a bhaineann sé leis na rialacha is infheidhme maidir leis an gcomhpháirt dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 3, mír 1 den Rialachán sin ('Copernicus');
- Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, lena leagtar síos a rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1290/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 1291/2013, a mhéid a bhaineann sé leis na rialacha is infheidhme maidir leis na comhpháirteanna dá dtagraítear i mír 2(a) agus (b) d'Airteagal 1 den Rialachán sin;
- Cinneadh (AE) 2021/764 ón gComhairle an 10 Bealtaine 2021 lena mbunaítear an Clár Sonrach lena gcuirtear chun feidhme Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, agus lena n- aisghairtear Cinneadh 2013/743/AE

Sa bhreis air sin, bunaítear le hAirteagal 1 de Phrótacal II go mbeidh rochtain ag an Ríocht Aontaithe ar na seirbhísí seo a leanas faoi na téarmaí agus na coinníollacha a bhunaítear leis an gComhaontú, leis na bunghníomhartha agus le haon riail eile a bhaineann le cur chun feidhme na gclár agus na ngníomhaíochtaí ábhartha de chuid an Aontais:

- Seirbhísí Faireachais agus Rianaithe Spáis (SST) mar a shainmhínítear in Airteagal 55 de Rialachán (AE) 2021/696 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Clár Spáis an Aontais agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 912/2010, (AE) Uimh. 1285/2013 (AE) Uimh. 377/2014 agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE

Tá feidhm ag Prótacail I agus II ón gceathrú bliain de chreat airgeadais ilbhliantúil an Aontais le haghaidh 2021-2027. Ní bheidh an Ríocht Aontaithe comhlachaithe le cláir an Aontais dá dtagraítear thuas sna blianta 2021-2023. Dá bhrí, tá gá le hathruithe ar Iarscríbhinn 47.

Bunaítear an Coiste Speisialaithe um Rannpháirtíocht i gcláir an Aontais le hAirteagal 8(1)(s) den Chomhaontú.

Foráiltear le hAirteagal 714(11) den Chomhaontú go bhféadfaidh an Coiste Speisialaithe um Rannpháirtíocht i gCláir an Aontais leasú a dhéanamh ar Iarscríbhinn 47. Foráiltear le hAirteagail 710(2) agus 731(3) freisin go bhfuil an Coiste Speisialaithe um Rannpháirtíocht i gCláir an Aontais le Prótacal I agus Prótacal II a ghlacadh.

## 2.2. Na gníomhartha atá beartaithe ag an gCoiste Speisialaithe um Rannpháirtíocht i gCláir an Aontais

Tá an Coiste Speisialaithe le hIarscríbhinn 47 a leasú agus le Prótacal I agus Prótacal II (‘na gníomhartha atá beartaithe’) a ghlacadh.

Is é is cuspóir do na gníomhartha atá beartaithe ceadú don Ríocht Aontaithe agus d’eintitis de chuid na Ríochta Aontaithe a bheith rannpháirteach i gcláir an Aontais agus rochtain a fháil ar sheirbhísí cláir a cheadú, faoi mar a leagtar amach thuas.

Beidh na gníomhartha atá beartaithe ina gceangal ar na páirtithe mar chuid den Chomhaontú i gcomhréir le hAirteagal 778(1) den Chomhaontú, lena bhforáiltear ‘go mbeidh Prótacail, Iarscríbhinní, foscríbhinní agus fonótaí an Chomhaontaithe seo ina gcuid dhílis den Chomhaontú seo’. I gcomhréir le Riail 9 i gcomhar le Riail 13 (1) d’Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an gComhaontú, sonrófar i gcinntí arna nglacadh ag an gCoiste an dáta a ghabhfaidh éifeacht leo.

# 3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

Tá sé beartaithe aontú le glacadh Phrótacail I agus II agus leis an leasú ar Iarscríbhinn 47 a ghabhann leis an gComhaontú a mhéid a bhaineann le rannpháirtíocht na Ríochta Aontaithe agus eintitis de chuid na Ríochta Aontaithe i gcláir de chuid an Aontais.

# 4. BUNÚS DLÍ

## 4.1. Bunús dlí nós imeachta

### *4.1.1. Prionsabail*

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena mbunófar *‘na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe.’*

Cumhdaítear i gcoincheap na ‘*ngníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo*’ gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua rialacha an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht i gceist. Áirítear ann freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach a fhéadfaidh ‘*tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtóir an Aontais Eorpaigh*’[2].

### *4.1.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Is comhlacht é an Coiste Speisialaithe um Rannpháirtíocht i gCláir an Aontais a cuireadh ar bun le comhaontú, is é sin an Comhaontú.

An gníomh a iarrtar ar an gCoiste Speisialaithe a ghlacadh, is gníomh é a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leis. Beidh an gníomh atá beartaithe ceangailteach faoin dlí idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 778(1) den Chomhaontú.

Leis an ngníomh atá beartaithe ní fhorlíontar ná ní leasaítear creat institiúideach an Chomhaontaithe.

---

[2] Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, *an Ghearmáin v an Chomhairle*, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, mír 63.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE bunús dlí nós imeachta leis an gcinneadh atá beartaithe.

## 4.2. Bunús dlí substainteach

### *4.2.1. Prionsabail*

Braitheann an bunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE go príomha ar chuspóir agus ar ábhar an ghnímh atá beartaithe a nglacfar seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má tá dhá aidhm leis an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir ceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin a shainaithint mar phríomhaidhm nó mar phríomh-chomhpháirt agus an ceann eile mar aidhm nó mar chomhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, is é sin an bunús dlí a éilítear de réir na príomhaidhme nó na príomh-chomhpháirte[3].

Maidir le gníomh atá beartaithe a bhfuil roinnt cuspóirí éagsúla aige san am céanna, nó a bhfuil roinnt comhpháirteanna éagsúla ann, ar cuspóirí nó comhpháirteanna iad a bhfuil dlúthnasc doscartha eatarthu gan aon cheann acu a bheith teagmhasach le hais an ceann eile, ní mór, ar bhonn eisceachtúil, na boinn chomhfhreagracha dlí ar fad a áireamh sa bhunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) de CFAE.

### *4.2.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Tá cuspóirí ag an ngníomh atá beartaithe agus tá comhpháirteanna ann a bhaineann le réimse an taighde, na forbartha teicniúla agus an spáis. Tá na heilimintí sin den ghníomh atá beartaithe i ndlúthnasc doscartha le chéile gan ceann amháin a bheith teagmhasach maidir leis an gceann eile.

Dá bhrí sin, tá na forálacha seo a leanas i mbunús dlí substainteach an chinnidh atá beartaithe: an Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 173(3), Airteagal 182(1), agus (4), Airteagal 183, agus an dara mír d'Airteagal 188, agus Airteagal 189(2) de.

## 4.3. Conclúid

Ba cheart Airteagal 173(3), Airteagal 182(1) agus (4), Airteagal 183, an dara mír d'Airteagal 188, agus Airteagal 189(2) CFAE, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE, a bheith ina mbunús dlí leis an gcinneadh atá beartaithe.

# 5. FOILSIÚ AN GHNÍMH ATÁ BEARTAITHE

Ós rud é go bhfuil éifeachtaí dlíthiúla le cinneadh ón gCoiste Speisialaithe um Rannpháirtíocht i gClár an Aontais lena leasaítear Iarscríbhinn 47 agus lena nglactar Prótacail I agus II, is iomchuí an cinneadh ón gCoiste Speisialaithe um Rannpháirtíocht i gCláir an Aontais a fhoilsiú in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh tar éis a ghlactha.

---

[3] Breithiúnas an 4 Meán Fómhair 2018, *an Coimisiún v an Chomhairle*, C-244/17, EU:C:2018:662, mír 38.

2023/0319 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste Speisialaithe um Rannpháirtíocht i gCláir an Aontais

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 173(3), Airteagal 182(1) agus (4), Airteagal 183, Airteagal 188, an dara mír agus Airteagal 189(2), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An Comhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile (‘an Comhaontú’), tugadh i gcrích é le Cinneadh (AE) 2021/689 ón gComhairle[1] agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2021.

(2) De bhun Airteagal 710(2) agus Airteagal 731(3) den Chomhaontú, tá an Coiste Speisialaithe um Rannpháirtíocht i gCláir an Aontais a bunaíodh le hAirteagal 8(1)(s) den Chomhaontú (‘an Coiste Speisialaithe’) le Prótacal I maidir le ‘Cláir agus gníomhaíochtaí ina nglacann an Ríocht Aontaithe páirt’ (‘Prótacal I’), agus Prótacal II ‘maidir le rochtain na Ríochta Aontaithe ar sheirbhísí arna mbunú faoi chláir agus gníomhaíochtaí áirithe de chuid an Aontais nach nglacann an Ríocht Aontaithe páirt iontu’ (‘Prótacal II’) a ghlacadh.

(3) De bhun Airteagal 714(11) den Chomhaontú, féadfaidh an Coiste Speisialaithe Iarscríbhinn 47 ‘Na Coinníollacha Airgeadais a Chur Chun Feidhme’ (‘Iarscríbhinn 47’) a leasú.

(4) Is dlúthchuid den Chomhaontú iad Iarscríbhinn 47 mar aon le Prótacail I agus II.

(5) Is iomchuí an seasamh a bhunú atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste Speisialaithe a mhéid a bhaineann le glacadh na bPrótacal agus leis an leasú ar Iarscríbhinn 47.

[1] Cinneadh (AE) 2021/689 ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, agus an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bhaineann le nósanna imeachta slándála le haghaidh malartú agus cosaint faisnéise rúnaicmithe (IO L 149, 30.4.2021, lgh. 2–9)

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste Speisialaithe a bunaíodh le hAirteagal 8(1)(s) den Chomhaontú, maidir le cinneadh atá le glacadh faoi Airteagail 710(2), 714(11) agus 731(3) de, bunófar é ar an dréachtchinneadh ón gCoiste Speisialaithe atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

Féadfaidh ionadaithe an Aontais sa Choiste Speisialaithe comhaontú, gan cinneadh eile ón gComhairle, le mionathruithe ar an dréachtchinneadh.

*Airteagal 2*

Is chuig an gCoimisiún a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*